Tír Eoghain

Máire McDaid, Achadh Uí Árain, An tSrath Bán

Scéal faoina hóige

Nuair a bhí mise i mo ghirseach cha raibh nadaí agam ach Gaeilg, agus m'athair agus mo mháthair, cha labhair siad nadaí ach Gaeilg, agus chuir siad 'na (chun na) scoile mé nuair a bhí mé cúig bhliana, agus bhí na scoláirí uilig ag gáire orm agus ag magadh orm, nach raibh nadaí agam ach Gaeilg, agus thiontaigh mé ansin agus foghlaim mé Béarla, agus bhí lá amháin agus shílfinn nach rachainn ar scoil ar chor ar bith agus chuaigh mé isteach sa chlampa (carn móna) agus shuí mé ansin go tráthnóna, dhul na páistí eile, iad amuigh ar an bhealach mhór, agus na páistí eile ag dhul abhaile agus shiúl mé leofa go raibh mé thuas ag Scoil Mhuire (?) agus m'athair, bhí sé ag baint prátaí ag an Mhullach Mór agus d'inis siad dó nach dheachaigh mise 'na scoil ar chor ar bith agus cha dhúirt sé nadaí an t-am sin go d'imigh sé isteach agus tháinig sé isteach tráthnóna agus chuaigh sé amach agus ghearr sé slat agus tháinig sé isteach ansin agus ghearr sé mó loirgnithe (shins) agus mo chosa leis an tslat agus bhí an fuil ag dul síos mo loirgnithe agus chuir mo mháthair mé ina luí, chuir sí mé ina luí, agus i lár na hoíche, thosaigh mé ag brionglóidigh, agus bhí mé ag caoineadh, ag caoineadh, agus bhí mé ag caoineadh i rith na hoíche go bhfios domh (?) agus d'éirigh siad ansin agus chuir siad uisce coisricthe orm agus chuir siad ina luí arís mé agus cha mhothaigh mé nadaí níos go dtí maidin sin an rud (dothuigthe) níl a fhios agam níos mó faoi dtaobh de.